

Scileanna Nua a Mhúineadh do Leanáí

Is tusa an chéad mhúinteoir atá ag do leanbh agus an ceann is tábhachtaí. Gach lá cabhraíonn tú le do leanbh eolas, scileanna agus bealaí iompair nua a fhoghlaim.

Tá trí mhodh úsáideacha a bhféadfá a úsáid chun cabhrú le do leanbh gach rud a fhoghlaim, ó fhéinchúram bunúsach go scileanna sóisialta níos casta:

treoracha

céim ar chéim

eiseamláiriú

Sula dtosaíonn tú

Féach ar na leideanna seo a leanas a chabhróidh le do leanbh scileanna nua a fhoghlaim, is cuma cén modh a bhaineann tú úsáid as:

Sula dtosaíonn tú, bí cinnte go bhfuil do leanbh réidh leis an scil nua a fhoghlaim.

Smaoinigh ar an am. An bhfuil do leanbh aireach?

Smaoinigh ar an timpeallacht. An bhfuil do leanbh ag tabhairt airde?

Tabhair seans do do leanbh **an scil a chleachtadh.**

Tabhair misneach dó nó di.

Seachain a lán aiseolais dhiúltaigh nuair nach bhfuil an scil i gceart ag do leanbh.

Is féidir treoracha a thabhairt

Tugaimid treoracha dár leanáí an t-am ar fad. Agus tú ag múineadh scil nua dó nó di, seo na céimeanna a gcabhraíonn leis na treoracha a iompú ina bhfoghlaim:

Ná tabhair treoracha sula mbíonn aird do linbh ort. Bain úsáid as a (h)ainm, agus spreag do leanbh le féachaint ort agus tú ag labhairt.

Téigh síos ar aon leibhéal le do leanbh chun labhairt leis nó léi.

Bain aon rud a chuirfeadh isteach oraibh, cosúil leis an teilifís.

Úsáid focail a thuigeann do leanbh. Coinnigh na habairtí gearr agus simplí.

Bíodh do **ghlór soiléir agus socair.**

Ná tabhair ach treoir amháin ag an am, mar shampla; *‘bain díot do chóta’*. Ansin *‘croch do chóta’*.

Bain úsáid as comharthaí le go dtabharfadh do leanbh rudaí áirithe faoi deara.

Nuair atá cuimhne níos fearr ag do leanbh ar conas an tasc a dhéanamh, is féidir stopadh leis na treoracha agus an meabhrú diaidh ar ndiaidh.

Is féidir cur chuige céim ar chéim a úsáid

Bíonn roinnt tascanna nó gníomhaíochtaí casta nó bíonn sraith gníomhartha i gceist leo. Sa chás sin, is féidir an tasc a bhriseadh síos i gcéimeanna níos lú.

Is éard atá i gceist leis an múineadh céim ar chéim ná na céimeanna a bhaineann le scil a leagan amach céim ar chéim. Nuair atá an chéad chéim foghlamtha ag do leanbh, múin an chéad chéim eile dó nó di, an chéad cheann eile ina dhiaidh sin, agus araile.

Scil Shamplach – T-léine a chur air nó uirthi.

Is féidir an tasc a bhriseadh síos i gcéimeanna:

Cas an t-léine timpeall sa treo ceart.

Tarraing an t-léine **thar an gceann.**

Cuir **lámh amháin** tríthi.

Cuir an **lámh eile** tríthi.

Tarraing an t-léine **síos.**

Ná bog ar aghaidh go dtí an chéad scil eile go dtí go bhfuil an ceann seo foghlamtha ag an leanbh. Is féidir na céimeanna seo a úsáid do gach ball éadaigh – fobhríste a chur ort, ansin an bríste, an t-léine ina dhiaidh sin, ansin na stocaí agus na bróga ar deireadh.

Agus tú á spreagadh, bí sonrach leis nó léi *‘Feicim go bhfuil stoca amháin curtha ort leat féin, bain triail as an gceann eile anois’*.

Is féidir bheith i d’eiseamláir do do pháiste

Trí bheith ag féachaint ort, foghlaimíonn do leanbh cad le déanamh agus conas é a dhéanamh.

De ghnáth is é an t-eiseamláiriú an bealach is éifeachtúla le scil nua a mhúineadh do leanáí. Mar shampla, is mó seans go dtaispeánfaidh

tú dó nó di conas glanadh suas, liathróid a chaitheamh, bord a leagan, nó conas a lámha a ní, in áit treoracha a thabhairt.

Is féidir an t-eiseamláiriú a úsáid chomh maith

le scileanna agus iompar a thaispeáint nuair a bhíonn cumarsáid neamhbhriathartha ag baint leo, cosúil le comharthaíocht choirp nó tuin chainte. Mar shampla, is féidir taispeáint do do leanbh conas féachaint ar dhaoine agus tú ag labhairt leo, nó conas féachaint sa tsúil agus miongháire a dhéanamh nuair atá tú ag tabhairt buíochais dóibh.

Is féidir na céimeanna agus an t-eiseamláiriú a úsáid le céile le scileanna sóisialta a fhorbairt. Mar shampla, má tá sibh ag súil le cuairteoir chuig an teach – déan cleachtadh ar cad a tharlóidh nuair a shroichfidh sé nó sí an teach.

Seo duit pictiúr díom agus rinne mé féin é

A picture of me for my teacher





Acmhainní chun tacú le foghlaim agus forbairt do pháiste agus é ag ullmhú don bhunscoil

Is tréimhse thábhachtach agus bhríomhar don pháiste óg, agus dá thuismitheoirí go deimhin, nuair a thosaíonn an páiste ar an mbunscoil. Fiosraíonn go leor thuismitheoirí cibé an bhfuil aon rud is féidir leo a dhéanamh sa bhaile chun tacú le foghlaim a bpáiste de réir mar a fhaigheann sé faoi réir le dul isteach sna naíonáin shóisearacha, agus is é an freagra ná "Tá, cinnte!".

Tugtar naisc sa bhileog eolais seo chuig físeáin agus leidbhileoga agus tugtar comhairle phraiticiúil do thuismitheoirí.

Ag cabhrú le do pháiste foghlaim trí shúgradh agus teanga



Bealach tábhachtach ar féidir leat tacú le foghlaim do pháiste is ea deiseanna a thabhairt dó a bheith ag súgradh agus ag caint. Féach ar an bhfíseán dhá nóiméad seo chun tuilleadh a fhoghlaim faoi seo. [Key messages for parents on supporting children's learning and development from birth to 6 years.](#)



Tá deiseanna a thabhairt do pháiste le bheith ag súgradh taobh istigh agus taobh amuigh tábhachtach don fhoghlaim. Forbraíonn an páiste caidrimh chomh maith le foghlaim faoin domhan agus na daoine agus na rudaí atá ann trí shúgradh. Léigh an [Leidbhileog](#) seo chun smaointe a fháil le cabhrú le do pháiste an tairbhe is fearr a bhaint as an súgradh.

Tá foghlaim trí mheán an tsúgartha tábhachtach chun neamhspleáchas, fiosracht agus athléimneacht do pháiste a fhorbairt. B'fhéidir gur mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi sin sa leidbhileog seo: [Ag cabhrú le leanaí agus le lapadáin meonta dearfacha foghlama a fhorbairt.](#)



Bealach tábhachtach eile chun tacú le foghlaim do pháiste is ea a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí bunaithe ar spéiseanna do pháiste. Féach ar an bhfíseán dhá nóiméad seo, [Supporting learning and development of children aged 4-8 years: key messages for parents.](#)



Ach a bheith ag éisteacht le do pháiste, a bheith ag comhrá leis agus a bheith ag léamh le chéile, agus a bheith ag síneadh do mhéar ar fhocail agus ar fhógraí sa bhaile agus sa phobal cuirfear saol na teanga os comhair do pháiste – idir labhartha agus scríofa. Léigh an leidbhileog seo chun tuilleadh smaointe praiticiúla a fháil ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht a chur i láthair do pháiste ar bhealach a oirfidh dá aois: [Ag cabhrú le do leanbh óg léamh agus scríobh.](#)



Ach cuairt a thabhairt ar an leabharlann go rialta cuideoidh sé le do pháiste foghlaim faoi leabhair agus fáil amach conas iad a úsáid. Bainfidh do pháiste sult as scéal a chloisteáil sula dtéann sé chun luí, agus gheobhaidh tú féin deis suaimhneas a dhéanamh in éineacht leis, chun labhairt faoin scéal agus focail agus smaointe nua a chur os a chomhair. Seo nasc chuig liosta leabhar atá go maith don aoisghrúpa seo: [Books that promote discussion: Suggested picture book list for young children \(3 to 6 years\).](#)



Cuideoidh sé le do pháiste má thugann tú focail agus nathanna cainte áisiúla i nGaeilge dó sula dtosaíonn sé ar scoil. Seo leidbhileog a chuideoidh leat: [Introducing Irish to pre-school children \(3-6 years\).](#)



Ag cabhrú le do pháiste foghlaim faoin matamaitic



Dá mba mhaith leat fáil amach faoi bhealaí chun tacú le scileanna matamaitice do pháiste sa bhaile, féach ar an bhfíseán dhá nóiméad seo: [Supporting mathematics: key messages for parents \(3-6 years\)](#). Foghlaiméoidh tú anseo faoin tábhacht atá le do pháiste a bheith ag súgradh le bloic, le maidí agus le rudaí eile mar sin. Tá sé iontach freisin a bheith ag caint faoi chruthanna, patrúin agus toisí mar sin déan cinnte go dtabharfaidh tú cead dó cúnamh a thabhairt nuair atá tú ag cócaireacht, súil ghéar a choinneáil ar an scór ag cluiche, nó cabhrú leis an tsiopadóireacht.



Tá do pháiste ag foghlaim faoin matamaitic ón lá a rugadh é. Ach labhairt le do pháiste agus ligean dó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí laethúla ar nós cabhair a thabhairt leis an tsiopadóireacht, an bord a leagan, stocaí a mheaitseáil, beidh tú ag cuidiú leis lena chuid matamaitice. Léigh an leidbhileog seo chun tuilleadh smaointe a fháil ar chuidiú le do pháiste matamaitic a thuiscint: [Ag cabhrú le do leanbh óg le mata](#).



Tá matamaitic i ngach áit agus réimse amháin de sin is ea tomhas. Cuideoidh sé le do pháiste na focail a bheith aige chun labhairt faoi thomhas. Léigh an leidbhileog seo chun samplaí a fháil d'fhocail áisiúla chomh maith le comhairle ar conas a d'fhéadfá cabhrú le do pháiste tuiscint a fháil ar an mbrí atá le focail tomhais: [Foghlaim faoi thomhas](#).

Supporting your child's physical development



Tá sé tábhachtach do do pháiste scileanna luaille a fhorbairt ar nós dreapadóireachta, cothromú agus a bheith ag ciceáil liathróide. Léigh an leidbhileog seo chun bealaí a fháil le forbairt fhisiceach do pháiste a fheabhsú: [Folláine choirp leanaí óga \(3 - 6 bliana d'aois\)](#).



Sonraí Pearsanta an Pháiste

| | | | |
|----------|--|--------------------------------------|--|
| Ainm: | | Taitníonn leis nó léi mar ainm | |
| Sloinne: | | Dáta breithe: | |

Sonraí na Bunscoile agus na Réamhscoile

| | |
|--|--|
| An bhunscoil ina bhfuil an páiste cláraithe: | |
| Réamhscoil: | |

Ainm an bhaill teaghlaigh atá ag comhlánú na foirme seo

| | | | |
|-----------------------|--|----------|--|
| Ainm: | | Sloinne: | |
| Gaol leis an bpáiste: | | | |

Cad ba mhaith leat a bheith ar eolas ag bunscoil nua do pháiste mar gheall air nó uirthi?

An bhfuil aon mholtaí agat a d'fhéadfadh cabhrú le do pháiste socrú isteach i naíonáin shóisearacha?

An bhfuil eolas breise faoi do pháiste ar mhaith leat a insint don bhunscoil?